

Don té lena mbaineann,

Ar an 1 Feabhra 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach [CEISTEANNA AGUS FREAGRAÍ A BHAINNEANN LE HAISTARRAINGT NA RÍOCHTA AONTAITHE ÓN AONTAS EORPACH I NDÁIL LE TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA](#). Tugtar treoir sa doiciméad maidir le Táirgí Foirgníochta i gcás go bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach gan comhaontú daingnithe um aistarraingt nó gan idirthréimhse ordaithe. Baineann sé le táirgí foirgníochta arna gcumhdach i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 maidir le Táirgí Foirgníochta.

Ní mór do mhonaróirí, do dháileoirí, d'allmhaireoirí agus d'ionadaithe údaraithe cloí lena n-oibleagáidí agus lena bhfreagrachtaí faoi Rialachán (AE) 305/2011 agus táirgeadh foirgníochta á chur ar mhargadh AE acu.

I bhfoilseachán an Choimisiúin roimhe seo [FÓGRA CHUIG PÁIRTITHE LEASMHARA – AISTARRAINGT NA RÍOCHTA AONTAITHE AGUS RIALACHA AE SA RÉIMSE TÁIRGÍ FOIRGNÍOCHTA](#), arna dhátú an 10 Eanáir 2018, dearbhaíodh go gcaillfidh Comhlachtaí a dTugtar Fógra Dóibh de chuid na Ríochta Aontaithe a stádas mar chomhlachtaí AE a dTugtar Fógra Dóibh nuair a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe AE.

Sonraíodh san Fhógra go mbeidh ar mhonaróirí, ar dháileoirí, ar allmhaireoirí agus ar ionadaithe údaraithe táirgí foirgníochta na bearta cearta a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh deimhnithe acu faoi fhreagracht Comhlachta a dTugtar Fógra Dó de chuid AE27 chun comhlíonadh táirgí a chuirfear ar mhargadh AE i ndiaidh Brexit a léiriú. I ngníomh, ciallaíonn sé sin socrú a dhéanamh le haghaidh aistriú deimhnithe ó chomhlacht a dtugtar fógra dó de chuid na Ríochta Aontaithe, nó iarratas a dhéanamh ar dheimhniú úr le Comhlacht a dTugtar Fógra Dó de chuid AE27. I bhfoilseachán is déanaí an Choimisiúin, an doiciméad maidir le Ceisteanna agus Freagraí, tugtar tuilleadh teorach agus soiléireachta maidir leis na rialacha.

Ba cheart go mbeadh tógálaithe, sonraitheoirí, dearthóirí, deimhnitheoirí ar an eolas faoi na hathruithe thuas. Ní mór díobh a chinntiú go bhfuil an Comhartha CE/Dearbhú Feidhmíochta agus doiciméid ábhartha a bhaineann le táirgí cuí chun comhlíonadh an Rialacháin Foirgníochta a léiriú agus a chinntiú. Tá tuilleadh eolais faoi chomhlíonadh an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://www.housing.gov.ie/housing/building-standards/construction-products-regulation/construction-products-regulation-cpr>

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil freagrach as beartas agus rialachán na gcaighdeáin foirgníochta, lena n-áirítear cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta. Is í an Roinn an tÚdarás a Thugann Fógra maidir le táirgí foirgníochta arna gcumhdach i Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 maidir le Táirgí Foirgníochta agus maidir leis sin, tá measúnú á dhéanamh go gníomhach aici ar iarratais ó Chomhlachtaí a dTugtar Fógra Dóibh in Éirinn. Soláthraítear an liosta iomlán de Chomhlachtaí reatha a dTugtar Fógra Dóibh ar fud na hEorpa ar shuíomh gréasáin 'Nando' an Choimisiúin Eorpaigh ag an nasc seo a leanas <http://ec.europa.eu/growth/tools-databases/nando/>

Ar deireadh, thionóil an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), roinnt seisiún faisnéise maidir le Brexit i ndáil le táirgí agus tá sraith imeachtaí breise tógála Brexit pleanáilte i mí an Mhárta. Beidh sonraí ar fáil go luath ar an nasc seo a leanas

<https://www.nsai.ie/brexit>

Mise le meas,

Caighdeáin Foirgníochta



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland